

# 'Toiliú Tuismitheora don Mheasúnú' (teimpléad samplach)

Is féidir le scoileanna an teimpléad seo a úsáid agus a mhionathrú nuair atá siad ag lorg toiliú tuismitheora chun uirlisí measúnaithe a riar do scoláirí.

---

## CEANN LITREACH NA SCOILE

Dáta

### Maidir le: Uirlisí Measúnaithe a Riaradh do Scoláirí (toiliú)

#### A Thuismitheoir/Chaomhnóir.

Fad is a bheidh d'iníon/do mhac ag fáil oideachais in **Ainm na Scoile**, gheobhaidh sé/sí deis a bheith rannpháirteach i raon leathan gníomhaíochta measúnaithe mar chuid den ghnáth-teagasc agus foghlaim.

Féadfar tástálacha speisialaithe eile a riar freisin chun tacú le forbairt oideachais agus foghlaim d'iníne/mhic mar aon lena f(h)orbairt ghairme. D'fhéadfaí tástálacha gnóthachtála, cumais, diagnóiseacha agus leasa a áireamh leis na tástálacha sin.

Roinnfear torthaí tástálacha den sórt sin le tuismitheoirí agus le scoláirí. D'fhéadfadh sé tarlú ó am go ham freisin go riarfaí tástálacha ar bhonn aonair ar do mhac/iníon chun tacú lena chuid nó lena cuid foghlama, dul chun cinn agus gnóthachtála. Ní riarfar tástálacha den sórt sin ach amháin tar éis dul i gcomhairle le tuismitheoirí.

Cuirim faoi iamh bileog eolais de Cheisteanna Coitianta ina bhféadfaí dul i ngleic le haon cheisteanna breise a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an méid thuas. Ina theannta sin, tá beartas na scoile maidir le húsáid uirlisí measúnaithe ar fáil ó shuíomh gréasáin na scoile [www.websiteaddress.ie](http://www.websiteaddress.ie)

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil, ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil leis an mball foirne **x**. Cuir ar ais an Fhoirm Thoilithe chomhlánaithe thíos chuig rúnaí na scoile faoin (tabhair an dáta le fios). Le dea-mhéin,

#### Príomhoide/Ball foirne

---

### Foirm Thoilithe

Tugaim, tuismitheoir/caomhnóir (ainm iomlán an linbh) toiliú chun uirlisí measúnaithe a riar ar mo mhac/iníon fad is atá sé nó sí mar scoláire sa scoil.

Ainm an tuismitheora/chaomhnóra\_ Síniú: \_

Dáta: \_

---